Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Amhráin, Rainn agus Dánta d'Oíche Shamhna

Urraithe ag

Foras na Gaeilge

Imigh Leat
Ollphéist Dhána!

Imigh leat ollphéist dhána, Imigh leat
Imigh leat cailleach ghránna, Imigh leat
Imigh leat púca bán, Imigh leat
Imigh leat cat dubh, Imigh leat

Fonn: 'Go Away! ó Super Simple Songs
Liricí: Ár mbuíochas le Sonya i Naíonra Éanna as na liricí Gaeilge seo a chur ar fáil.



Oíche Shamhna

Oíche Shamhna 'is bairín breac,
fáinne is cnónna sa bhairín breac,
Oíche Shamhna, bairín breac,
Is maith liom Oíche Shamhna

Foinse: Maidin sa Naíonra



Púca

Púca! Púca! Is mise an púca!
Púca! Púca! A haon, dó, trí!
Seo í an oíche, Oíche Shamhna,
A théim ar cuairt chun do thí,
Chun do thí!

Nod: Is féidir an focal púca thuas a mhalartú le cailleach, puimcín, cat dubh nó rud ar bith eile chomh maith!

An Taibhse

Taibhse! Taibhse! Is mise an taibhse!
Ag eitilt liom amach is isteach.
Taibhse! Taibhse! Is mise an taibhse!
Coimhéad thú féin – tá mé ag teacht!

An Chailleach

Dubh mo hata,
Dubh mo chlóca,
Dubh mo lámha,
I mo phóca.

Foinse: An Gúm, Cúrsa Comhtháite Gaeilge – Leabhar an Oide B www.forasnagaeilge.ie



Oíche Shamhna, Oíche Shamhna

D R M R
Oíche Shamhna,
D R M R
Oíche Shamhna,
S S S F M R D
Gealach mór go hard sa spéir,
D R M R R D R D
Caileach ghránna is cat mór dubh,
S F M R D D
Pota domhan draíochta,
D R M
Míáú! Míáú! Míáú !
R D R M
ársa an cat mór dubh,
Ooooooooooohhhhh a deir an sciathán leathair,
S F M R D S
Ooooooohhhhh, Bú!!

Foinse: Is leagan d'amhrán é seo a roinn Ciara Ní Bhruacháil, Naíonra Cholmcille agus Sorcha Grae, Naíonra Cois Bá.
Ár mbuíochas le Sorcha as an gceol a chur ar fáil freisin.

Oíche Shamhna, Aon, Dó, Trí

Oíche Shamhna
Oíche Shamhna
Aon, dó, trí.

Cailleach agus
taibhse ina suí.
Há, há, há.
Hí, hí, hí.

Oíche Shamhna,
Oíche Shamhna
Aon, dó, trí.



Foinse: An tÁisaonad

Oíche Shamhna, Bairín Breac



Oíche Shamhna
Oíche Shamhna,
Bairín Breac
Bairín Breac,
Úlla agus cnónna, úlla agus cnónna,
Is maith liom iad, is maith liom iad.

Fonn: Frère Jacques
Foinse: www.teangati.ie





Páidín Puimcín!

Páidín Puimcín, Páidín Puimcín
Ina shuí, ina shuí
Tá hata deas glas
Ar a cheann mór oráiste
Súile buí, Súile buí!

Fonn: Frère Jacques
Foinse: Ár mbuíochas le Maebh i Naíonra Naithí as an amhrán seo a roinnt linn.

Oíche Shamhna

Oíche Shamhna,
Úll beag buí,
Cailleach agus púca ina suí.
Oíche Shamhna,
Úll beag buí,
Cailleach agus púca ina suí.

Fonn: Twinkle Twinkle
Foinse: www.ballylinannationalschool.com

Oíche Shamhna

Oíche Shamhna,
Oíche Shamhna,
Féasta mór,
Féasta mór,
Úlla 'is oráistí
Úlla 'is oráistí
Banana 'is cnó,
Banana 'is cnó



Fonn: Frère Jacques
Foinse: Bróga Nua

Damhán Alla

Damhán alla
Damhán alla
Ar an mballa
Ar an mballa

Tháinig éan
Tháinig éan
Ó mo léan!
Ó mo léan!

Foinse: www.teangati.ie



Oíche Shamhna

Oíche Shamhna
Púca is cailleach
Oíche Shamhna
Téigh i bhfolach
Oíche Shamhna
Púca is cailleach
Oíche Shamhna
Téigh….. i bhfolach!

Foinse agus fonn: www.cula4.com

Oíche Shamhna

Thug mo mhamaí úll dom úll dom úll dom
Thug mo mhamaí úll dom úll beag glas
Thug mo mhamaí úll dom úll dom úll dom
Thug mo mhamaí úll dom bhaineas plaic MHÓR as!

Foinse: Léigh Leat

Oíche Shamhna

Creatlach thanaí
Úll ina lámh
Púcaí ag léim
Ar an tine chnámh

Bairín breac
Cnónna go leor
Cailleach ag damhsa
Le hollphéist mhór

Tine ealaíne
Páistí ar bís
Tá Oíche Shamhna
AR AIS LINN ARÍS!

Foinse: An tÁisaonad



Oíche Shamhna

Tagann Oíche Shamhna
Uair amháin sa bhliain;
Úlla, cnónna, milseáin,
Aghaidh fidil is éadaí grinn!

Ó theach go teach a théimid,
Bíonn spórt againn is spraoi
Ag bailiú bia don fhéasta
Ag doras gach aon tí.

Is breá liom Oíche Shamhna
Sna cluichí a imrím –
'Púicín', 'Úll ar Crochadh'
Is 'Airgead sa Bháisín'.

Nuair a thagann deireadh oíche
Téimid go léir a luí,
Codlaímid go sona
Go maidin is moch éirí.

Foinse: An Gúm (Leabhar an Oide E)
www.forasnagaeilge.ie

Oíche Shamhna

Tá cailleacha na Samhna ag teacht úúú.
Hata agus scuab agus cat úúú.

Ag eitilt thart sa spéir, ag cur eagla orainn go léir.
Tá cailleacha na Samhna ag teacht úúú.

Tá cailleacha na Samhna ag teacht úúú.
Ag iarraidh ar na páistí teacht amach úúú.

Le gaosán gránna glas agus spota mór ag fás úúú.
Tá cailleacha na Samhna ag teacht úúú.

Foinse: An tÁisaonad

Oíche Shamhna

Seán Mac Cionnaith

Oíche Shamhna atá ann anocht,
Coimhéad tú féin, a pháiste bhocht!
Beidh púca agus cailleach ar do thóir–
Agus ná déan dearmad ar an vaimpír mór,
A mheallann gasúir go mall san oíche,
Is a eitlíonn leis ar nós na gaoithe.
Bíonn ocras ar an ghinid leathshúile chrosta,
Goideann sé leanaí óna gcliabháin fosta,
Itheann sé iad, idir fheoil agus fhuil,
Is úsáideann na cnámha ag a thoil!
Dá mbeinn i d'áitse, d'fhanfainn istigh,
Ní rachainn chuig sráideanna contúirteacha amuigh.
Thiocfadh leat imeacht, as radharc, gan míniú,
Do mháthair bhocht fágtha sa teach ag caoineadh.
Ó coimhéad tú féin, a pháiste bhocht,
Mar Oíche Shamhna atá ann anocht.

Foinse: Fonn le Filíocht (CCEA)



Gabhann Gaeloideachas buíochas mór ó chroí leis na naíonraí a roinn na hamhráin seo linn.

www.gaeloideachas.ie
@Gaeloideachas
@Gaeloid
@gaeloideachas
http://bit.ly/GaeloidYT
eolas@gaeloideachas.ie